

❖ An Lúibín ❖

20 Mí Mhárta 2006



Éirim i gcéin

Complaints about Australia's brain drain have grown stronger. 'Policies' are being demanded to reverse it. But is this desirable or even possible?

Tá sé de nós ag cuid againn san Astráil a bheith ag gearán i dtaobh na mílte duine éirimiúil a bheith ag tabhairt a n-aghaidhe ar 'dheiseanna' thar lear. Dá bhfanfaidís againn (a deirtear) chuirfidís dlús le dul chun cinn na tíre; deir na deoraithe féin nach féidir leo a leithéid a dhéanamh agus gan faill acu ar a miotal a thaispeáint ina dtír dhúchais. Tá gearán eile ag an gcuid acu a fhilleann abhaile tar éis gaisce a dhéanamh i dtíortha eile: ní thugtar an t-aitheantas ceart dá gcleachtadh agus dá gcuid eolais. Deir na fostaithe, más fíor, go bhfuil siad rócháilithe chun na hoibre.

Bhí an babhta is déanaí den chasaoid seo le léamh ar an nuachtán *The Age* (18/2/06) i sliocht as leabhar le *expat* a bhfuil cónaí air i Londain. Tá an méid a leanas le rá ag Ryan Heath, agus é ag cuimhneamh ar a chathair dhúchais, Sydney:

Ach níl aon rud beartaithe againn don am atá le teacht; caithfidimid an iomarca ama ag breathnú le haoibhneas orainn féin sa scáthán. Tá an bogás seo á chothú ag boird thurasóireachta, ag gníomhaireachtaí forbartha agus ag eagarthóirí sóisialta, agus áitimid orainn féin go ndéanfaidh *café latte* maith dream siodúil dinn.

Níl sa bhogás seo ach cuid den fhadhb. Murab ionann is cathracha an domhain mhóir táimid scoite amach i ndáiríre, rud a fhágann nach ciallmhar an mhaise dúinn gan ullmhú i gceart don saol atá romhainn.

Ach ní hamhlaidh go bhfuilimid dultha i mbá féin – táimid ag dul ar gcúl. Le hais an scéil mar a bhí sé cúig bliain ó shin tá méadú 40% tagtha ar an líon daoine a imíonn. Más ag caint ar chúrsaí oideachais dúinn, b'iarchéimithe iad 78% de na daoine sna fichidí a d'imigh, agus post gairmiúil ag 97% acu san Astráil. 'Deiseanna breise oibre' ba chúis le 42.6% acu an tír a fhágáil, rud is eol go maith do Chomhairle Ghnó na hAstráile agus a chuireann inní orthu.

Más dóigh leat gur imíomar go léir ar thóir airgid tá breall ort. Is sócúlaí an saol a bhí agam de bharr mo thuarastail san Astráil ná mar atá i Londain. Is iad na rudaí nach féidir le hairgead a cheannach an clár forbartha bainistíochta a chuir an comhlacht ar fáil dom, saoirse traenála ar pá, an spreagadh a fuair mé chun obair phobail a dhéanamh i rith uaireanta oifige, nó deis chun dul ag obair nuair is rogha liom agus sa bhaile más gá. Agus ní de bharr an airgid is fiú leat dul ag obair san áit a ndéanann lucht do linne na colúin is fearr a scríobh, comhairle a thabhairt do na polaiteoirí is fearr, an brabús is fearr a dhéanamh sna margáí airgeadais, taispeántais a oscailt sna dánlanna is fearr.

Inniu caithfidimid polasaithe a bheartú chun daoine óga éirimiúla a mhealladh ar ais.

Tá bun éigin fírinne leis an méid seo. Tá snua ár gcoda orainn, agus déanaimid tagairt gan íoróin don *lucky country*. Ar an taobh eile de, is minic sinn ag déanamh tromaíochta orainn féin mar a dhéantar thuas agus ní gan chúis é, cé gur inní agus easpa féinmhuiníne is ciontach leis freisin. Is léir nach bhfuilimid i mbaol an t-aos éirime uile a chailleadh; tá cuid mhaith acu sásta fanacht mar a bhfuil acu agus an tír a choinneáil ar sodar. Ábhar dóchais é go bhfuilimid in ann an éirim a chothú sa chéad dul síos. Ná dearmadaimis ach oiread go bhfuil inimircigh chliste ag teacht i dtír anseo i gcónaí, cé nach n-éiríonn le roinnt acu obair oiriúnach a fháil.

Is dual don óige dul sa seans agus é a dhéanamh thar lear más gá; rud é a mbeadh súil agat leis san Astráil, tír measartha beag ar imeall an domhain. Go fiú dá mb'fhearrde an tír an treallús a choinneáil sa bhaile is deacair a mheabhrú ar bheartas a sháródh nádúr na tíre féin. Téann cuid dinn chun tíre is lú fós – Éire.

Ach ní mór dúinn dul i muinín ár gcuid éirime feasta más olc maith linn é; faoi láthair táimid ag brath go mór ar acmhainní inídithe agus beimid i bpráinn mura bhfuil malairt seifte againn. D'éirigh leis an tSeapáin, mar a deirtear go minic, dul chun cinn go seoigh ar an gcaolchuid tar éis an chogaidh. Sin tír eile, cinnte, nósanna eile agus stair eile, agus d'fhan an éirim sa bhaile. Má tá ceacht le foghlaim ann ní sinne is túisce a dhéanfaidh é.

Maidir le hAstráiligh a fhilleann le haigne nua, le taithí neamhchoitianta, le roinnt teangacha iasachta uaireanta, is furasta a thuiscint cén fáth ar deacair le roinnt fostóirí déileáil leo. Tá baint ag an bparóisteachas leis an scéal, gan amhras, ach chomh maith leis sin is minic na daoine úd curtha in oiriúint do shaol atá níos forleithne, níos casta agus níos sofaisticiúla ná an saol atá rompu anseo. Tá a cuid buanna féin ag an Astráil, agus a cáiréis féin freisin. B'fhéidir go bhfuil sé chomh maith ag an té a d'fhan agus ag an té a d'fhill a n-aighe a chur in oiriúint dá chéile agus cás a chéile a thuiscint. Ina dhiaidh sin, cé shéanfadh gur fearrde an tír filleadh an fhánaí oilte?



Thuas agus thíos

Irish in Ireland is a paradox: not found where needed, not needed when found, growing stronger but shunned by the young.

Tá greann searbh ag gabháil lena bhfuil á ndéanamh ag údaráis áitiúla na hÉireann i ngeall ar an gceangal atá orthu Gaeilge a úsáid. Tá 30,000 euró caite ag Comhairle Cho. an Chláir ar aistriúchán plean fhorbartha nach fiú d'aon duine léamh i nGaeilge (nó i mBéarla féin b'fhéidir). Níorbh fhéidir le Comhairle Cho. na Gaillimhe fóram pleanála a bheith acu i gConamara toisc nach bhfuil Gaeilge ag an bhfoireann. (Níl de dhualgas ar an gComhairle Gaeilge a úsáid sa chás seo, ach dúirt an stiúrthóir seirbhísí go raibh leisce orthu feidhm a bhaint as Béarla.)

Dúirt Comhairleoir amháin (a bhfuil Gaeilge aige) go ndearnadh praiseach den scéal. B'fhéidir é, ach scéal é a thugann léargas eile ar fhíorstaid na teanga sa tír. Bhí seo ar na hócáidí annamha a bhféadfaí tairbhe a bhaint as an teanga, ach ní bhfuair an fhoireann a ndóthain den teanga ar scoil chun freastal ar an mionlach i gConamara a úsáideann Gaeilge go fóill.

A scéal féin a bhí ag David Williams, craoltóir agus tráchttaire sóisialta aitheanta: i dtreise a rachaidh an Ghaeilge. Cén fáth? Mar go bhfeicfidh tuilleadh daoine go bhfuil luach ar leith ag baint léi 'in aois seo an dhomhandaithe agus na haithrise cultúrtha'. Bhí mo dhuine le dul ag caint ar an ábhar seo ag Tóstal na Gaeilge sa Ghailimh. Ba é an téama atá ag an Tóstal 'An Chéad Ghlúin Eile,' dream arbh fhearr lena bhformhór gan bacadh le Gaeilge. Dúirt *Foinse* go raibh iarracht á déanamh ar bhreis daoine óga a mhealladh chun an Tóstal i mbliana. An seandóchas agus an seandíomá, agus na seanphúcaí céanna ag caint lena chéile.

Ábhar suime é, dála an scéil, suirbhé teangacha a rinne an tAontas Eorpach: is measa na hÉireannaigh sna cúrsaí seo ná na Sasanaigh féin. Béarla amháin atá ag dhá thrian den phobal agus ní fiú leo aon teanga eile a fhoghlaim. (Is é an scéal céanna é sna tíortha Béarla go léir, tríd is tríd, agus an Astráil san áireamh.) Ní dúirt ach 9% gurbh fhéidir leo comhrá a dhéanamh i nGaeilge. Is í Éire an t-aon tír san AE nach múintear teanga iasachta sna bunscoileanna ann.



Bás an chrochaire

The horrors of civil war were never more bloodily illustrated than by the Balkan conflicts of the 1990s. Having sent thousands to their graves, one of the main perpetrators is himself dead.

Tá Slobodan Milošević dulta i gcré. Chaoin na mílte é ina thír féin, cé go raibh a bhformhór mór meánaosta. Is beag duine eile a mbeadh cumha air ina dhiaidh. Rinne sé a oiread dochair dá mhuintir féin is a rinne sé riamh dá naimhde, agus ba mhór go deo an dochar a rinne sé féin agus céannairí áirithe eile do ba Balcáin i gcoitinne, go háirithe i mBoisnia. Maraíodh na táinte, dibríodh na táinte eile, rinneadh gníomhartha uafáis ba dheacair a shamhlú, agus tar éis na mbeart theip air an ‘tSeirb Mhór’ a bhí uaidh a chur ar bun. Ba dhóigh leat ar a bhfuil ráite faoi na cogaí sin gur nádúrtha an rud é fuath a bheith ag muintir an réigiúin dá chéile. A mhalairt ar fad, de réir mar a scríobh an scoláire Noel Malcolm ina shaothar máistriúil *Kosovo: A Short History*.

San Iarthar ba é an tuairim choitianta riamh faoi na cogaí deireanacha seo sa Chróit agus i mBoisnia gur ‘chomhraic eitneacha’ iad a d’eascair as an ngráin dhoiléir nimhneach a bhí ag na pobail áitiúla ar a chéile. Tuairim í nach raibh bun léi i ndáiríre: níor chuir sí san áireamh gurbh iad na polaiteoirí (go háirithe an Seirbeach náisiúnach-Chumannach Slobodan Milošević) ba mhó a spreag achran ar an leibhéal ab airde, agus chomh maith leis sin nárbh iad na gnáthshibhialtaigh a chuir na cogaí ar siúl ach fórsaí armtha a bhí á stiúradh ag na ceannairí. Agus mar chuntas ar stair na réigiún sin ba mhór an t-ábhar seachmaill aon trácht ar ‘ghráin ársa eitneach’: ní raibh aon chogaí eitneacha riamh i stair ‘ársa’ Bhoisnia nó na Cróite, agus ní raibh de chomhraic leathaitneacha féin ann ach cinn nua-aimseartha a raibh cúiseanna geopholaitiúla ar leith leo (go háirithe an Dara Cogadh Domhanda). Bhí claontuairimí ann, ar ndóigh, a bhain le cúrsaí creidimh nó le cuimhne an Dara Cogadh. Ach is fada an bóthar a thabharfadh thú ó chlaontuairimí suaracha go dtí cogaíocht, sluachampaí géibhinn agus sléacht: ba iad na ceannairí polaitiúla féin a chuir na daoine ag gabháil an bhealaigh sin.¹

Sa Chosóiv a cuireadh tús le réim Milošević i gceart. Réigiún é a raibh meascán d’Albánaigh agus de Sheirbigh ina gcónaí riamh ann, cé go raibh tábhacht ar leith ag na Seirbigh leis ó thaobh na staire de. Na hAlbánaigh an dream is líonmhaire anois (os cionn 90%), agus dá bhrí sin b’fhearr le náisiúnaithe na Seirbe iad a choinneáil faoi chois.

Feidhmeanach gan cháil sa tsean-Iúgsláive ba ea Milošević, ach sa bhliain 1991 chosain sé cearta an mhionlaigh Sheirbigh sa Chosóiv, áit a raibh na hAlbánaigh ag éileamh stát neamhspleách. Tharraing sé gnaoi na ngnáthSheirbeach air féin mar chosantóir agus mar laoch, agus thug sé aird chíosrach ansin ar mhionlaigh Sheirbeacha i réigiúin eile. Ba ghearr go raibh cogadh na gcarad ann idir an tSeirb agus an Chróit, cogadh a rug ar Bhoisnia freisin, agus mílisteoirí ó gach taobh ag creachadh, ag céasadh agus ag marú. Ba iad Muslamaigh Bhoisnia ba mhó a bhí thíos leis, ach chuaigh scaipeadh an diabhair ar gach pobal sa tír sin, agus rinneadh iarracht ar chuid de na teifigh Sheirbeacha a athlonnú in Kosovo féin chun cóimheá an daonra a cheartú.

Ba é Milošević a bhain an tslat a bhuail é féin. Bhí an geilleagar á mhilleadh aige, agus an boillsniú ag dul i ndonas de bharr airgead nua a eisiúint go ráscánta chun na saighdiúirí a íoc. Bhí smacht ag baiclí bithiúnach ar earraí eachtrannacha agus ar airgead cruá, agus baint ag na bithiúnaigh sin leis na mílistí a bhí ag troid i mBoisnia agus sa Chróit. Sa bhliain 1996 bhí léirsithe móra i gcoinne Milošević agus sa bhliain 2000 d’éirigh leis na heasaontóirí é a threascairt. Faoin am sin ní raibh na fórsaí slándála féin ag taobhú leis. Nuair a tháinig rialtas nua i réim cuireadh chun na Háige é.

Ba é Milošević draíodóir na ndrochbheart, cealgaire a raibh a chumhacht ag brath ar a mhuintir a bheith dílis don aisling. Tá sé ráite gurb é leas na Seirbeach é a gcuid finscéalta náisiúnta a scrúdú níos grinne (comhairle a d’oirfeadh dúinn uile) ach bhain mo dhuine tairbhe as na finnscéalta céanna agus d’fhill an feall ar an bhfeallaire. Bhí sé cúramach: níor chuir sé a lámh le haon ordú ach lig do dhaoine eile an drochobair a dhéanamh. Rinneadh cosair chró de na tailte sinseartha,

¹ *Kosovo: A Short History* Noel Malcolm. Papermac 1998, lgh. xxvii-iii (réamhrá)

rinneadh staic mhagaidh den chomharsanacht agus den mhisneach. Tháinig na deamhain aníos, agus cé déarfadh go bhfuil siad díbeartha fós?

Níorbh é Milošević amháin ba chúis leis an uafás. Níorbh iad na Seirbigh an t-aon dream amháin a chuaigh ar seachrán. Déarfá nár dheargnáisiúnaí é i ndáiríre agus nach raibh fuath aige do chiníocha eile. Fear cúirtéiseach é a raibh bua na féile (bua anSeirbeach) aige. Is é an rud a rinne chomh contúirteach sin é an cíocras cumhachta a bhí air, cíocras coscrach a mharaigh nó a ruaig na mílte, a leag cathracha, moscanna agus teampaill, a mhúscáil gráin san áit a bhféadfadh síocháin a bheith, agus a lig do mo dhuine a sheanchairde a dhúnmharú. Bréagaire líofa ab ea é agus é thar a bheith glic. Nár thaga a leithéid arís.



Comhairle eile

A note of realism is now apparent in comments on the maintenance of Irish.

Soiscéal Eoin: díol spéise do Ghaeilgeoirí an méid a scríobh an Dr John Walsh, léachtóir ollscoile ó Ghaillimh, san *Irish Times* ar 10/3/06.

Deir sé gurb é an bunús ba cheart a bheith le beartais teanga é a chur ar chumas aon duine in Éirinn (beag beann ar chúrsaí cine) Gaeilge a fhoghlaim, agus í a úsáid gan bhac leis an Stát agus i gcúrsaí poiblí agus príobháideacha eile. Ba chóir don Rialtas a ghealladh go gcuirfí leis an méid áiteanna ar féidir rogha follasach a dhéanamh idir Gaeilge agus Béarla. Ní féidir dátheangachas a chur ar bun mura bhfuil rogha ann: caithfidh tú a bheith in ann teanga amháin a húsáid chomh héasca le teanga eile.

Tá mórán daoine á rá gurb éigean múineadh agus foghlaim na Gaeilge a scrúdú. Ach ní mór aird a thabhairt ar stádas sóisialta na teanga agus ar na rudaí taobh amuigh den rang a théann i bhfeidhm ar an dalta. Tá tionchar mór ag na cúrsaí seo ar an teanga sa rang, agus ní féidir iad a scaradh amach ó athbhreithniú an churaclaim agus na modhanna múinteoireachta.

Ba chóir tabhairt faoi mhéadú a dhéanamh ar thuiscint na ndaltaí ar chúrsaí teanga i gcoitinne, ar dhántheangachas agus ar chearta teanga i saol atá á dhomhandú i gcónaí.

Is minic nach gcuimhnítear ar dhream eile – daoine fásta atá ag foghlaim Gaeilge. Tá gá le húdarás a chuirfeadh eagar ar an bhfiontar seo.

Rud eile de, caithfidh an Rialtas tabhairt faoi phlean a bheartú ar son na dteangacha i gcoitinne. Níor cheart béim síos eile a thabhairt don Ghaeilge dá bharr ach ba cheart glacadh leis nach bhfuil na hÉireannaigh go maith chun teangacha a fhoghlaim le hais Eorpach eile. Tá baint aige seo, gan amhras, le tábhacht idirnáisiúnta an Bhéarla, ach tá míbhuntáistí móra ag gabháil leis an scéal i gcúrsaí cultúir agus geilleagair.

Sin é an teagasc agus tá ciall leis. Má chuirtear i bhfeidhm é ní dhéanfaidh sé tír dhátheangach d'Éirinn ach tír a bhfuil dream tritheangach ann, cé gur beag a líon. Agus d'oirfeadh cuid den chomhairle don Astráil féin.

Tuairim eile

Is í Valerie Monaghan príomhoide Scoil Chiaráin ag Glas Naíon i mBaile Átha Cliath. Ó am go chéile tá litir uaithi le léamh ar na nuachtáin, ar nós an chinn a scríobh sí chun *The Irish Times* le déanaí. Bhí Seachtain na Gaeilge ann ag an am agus ba mhaith ann í, dar léi, ach dá mbuailfeadh cuairteoir bleid ar dhaoine i mBaile Átha Cliath i nGaeilge seans maith go gceapfaidís gur teanga iasachta a bhí aige.

Dhírigh sí a haird ansin ar staid na teanga sna bunscoileanna, agus tuairimí aici atá bunoscionn leis na modhanna múinteoireachta atá anois ann.

Deir sí go dtosaíonn léamh agus scríobh na Gaeilge i bhfad róluath sna bunranganna agus go bhfuil sé seo ar na cúiseanna is mó atá le cliseadh na teanga sna scoileanna. Ní ligtear do na páistí an chaint a chleachtadh go leor chun bunús maith a chur leis an léamh agus leis an scríobh. Is breá le páistí óga Gaeilge a labhairt, ach múchann na leabhair a ndúil sa teanga. Ba cheart an ghramadach a mhúineadh tríd an gcaint amháin go dtí an cúigiú nó an séú bliain.

Ní féidir an scéal a leasú ar an dóigh seo nó ar aon dóigh eile, áfach, cheal beartas náisiúnta teanga. Faoi láthair tá curaclaim na leibhéal difriúla dírithe ar chuspóirí difriúla. Cheal beartais náisiúnta beidh gá le Seachtain na Gaeilge go deo chun a chur ina luí ar chuairteoirí – agus ar mhórán Éireannach féin – go bhfuil an Ghaeilge ann, agus beidh an seandearcadh diúltach céanna ag na glúine atá le teacht (fadhb nach bhfuil ag formhór na ndaltaí a thagann thar tír isteach).

B'fhéidir go bhfuil an cheart aici.



Foclóirí

Irish has many dictionaries, but not always the ones it needs.

Ní mór an clú atá ar Fhoclóir na Nua-Ghaeilge ach tá sé ann. Foclóir stairiúil é a bhaineann leis an tréimhse 1600-2000, agus tá an fhoireann lonnaithe i mBaile Átha Cliath le fo-aonad ar An Charraig i ndeisceart Dhún na nGall. Anois tá Eagarthóir Cúnta á lorg acu – duine a bhfuil iarchéim sa Ghaeilge aige (Ph.D. de rogha) agus taithí ar thaighde ar an Ghaeilge nó ar ábhar ghaolmhar. Caithfidh mo dhuine máistreacht a bheith ar Ghaeilge aige agus eolas leathan a bheith aige ar litríocht na tréimhse agus ar phríomhchanúintí na teanga. Ní mór dó lámh sármhaith a bheith aige ar an ríomhaireacht.

B'fhéidir nach obair í a d'oirfeadh do chách, cé go ndeir an fógra go mbeidh 'dualgais an phoist ag athrú le himeacht ama'. Faoi láthair ní mór duit dul i gceann cóipeagarthóireachta, cruthú corpas, tiomsú liostaí focal, anailísiú foclóiríní, sainléitheoireachta, dréachtú alt foclóra, ullmhú tuairiscí agus rud ar bith eile a bhaineann le hábhar. (Tá tuilleadh eolais le fáil ar: www.ria.ie.) Ní bheidh *An Lúibín* ag cur isteach ar an bpost, cé go bhfuil áthas orainn gur féidir a bheith ag súil le duine atá chomh hildánach sin.

Tá raidhse foclóirí Gaeilge de shagsanna difriúla ann anois, cé nár chuir aon dream de dhua orthu féin foclóir de Bhaldrathie a athchóiriú go rialta ar feadh na mblianta. Ba bhreá an féirín Nollag é eagrán méadaithe de Ó Dónaill, murach an meáchan a bheadh ann. Níl na foclóirí póca go dona – taitníonn an *Collins Gem* linn.

An treoirt nó míniú atá le fáil sa ghnáthfhoclóir? An dá rud, ar ndóigh, d'ainneoin na hiarrachtaí a dhéantar uaireanta ar fhoclóirí 'neamhchlaonta' míniúcháin a sholáthar. I gcás na Gaeilge, teanga atá ag brath go mór ar fhoghlaimeoirí sa bhaile agus i gcéin, bíonn gá le treoirt i gcónaí, cé gur mairg an té a chuirfeadh an iomarca muiníne i saibhreas na bhfoclóirí traidisiúnta – ní mar sin atá an teanga atá anois ann.

Ní thiochfaidh eagrán nua d'fhoclóir de Bhaldrathie chugainn, agus cibé foclóir a thiochfaidh ina ionad beidh teanga na haoise nua ann. Tá rian an tseansaoil ar Ghaeilge de Bhaldrathie, cé gurbh foclóir éifeachtach nua-aimseartha é nuair a cuireadh i láthair an phobail é den chéad uair. Tháinig teicneolaíocht nua ó shin agus aigne atá chomh nua céanna, agus tá dul na teanga ag éirí níos simplí - níos cosúla, b'fhéidir, le meánmhúnla teangacha na hEorpa. Ní gá gur maith an scéal

é sin ann féin – a mhalairt ar fad, ar shlite éigin – ach tá anáil na teanga is forleithne ar fad le haithint ar an nGaeilge. Sin bua agus toradh an dátheangachais.

Agus tá foclóir eile fós a bhfuiltear ag tnúth leis – ceann a bhfuil idir fhocail agus mhíniú le fáil i nGaeilge ann. Nuair a shínfear é sin isteach ar bhois *An Lúibín* beidh a fhios againn go bhfuil an lá linn agus Dia sásta. Idir an dá linn cloífidimid leis na seanchinn fhóna.

Seo sampla de chúpla iontráil i bhfoclóir lánGhaeilge (den saghas nach bhfuil ann go fóill):

Ceo, f. (g.u. ~, iol. ~anna). [c'ó:] 1. (a.) Gal nádúrtha atá déanta de bhraoiníní uisce. *Tá ceo ann. Ceo bán, dlúth, modartha; ceo farraige; ceo talún; ceo leacan* (i.e. *ceo atá suas an cnoc uait*); **ceo maidine**. *Tá ceo ar an ngloine.* (b.) Doiléire san aer. **Ceo bruithne, brothail**. 2. Doiléire radhairc. *Tá ceo ar mo shúile.* 3. Scamall. (a.) *Tá ceo deannaigh ann.* (b.) *Tá ceo ar a hintinn, ar a croí.* 4. Smál. *Tá ceo ar mo chluí.*

Ceo, f. (g.u. ~), [c'ó:] Píoc, faic, dada. *Níl beo ná ceo le feiceáil. Ní dhéanann siad ceo ach ag caint.*



Eolaíocht

Ribíní báis

The tapeworm is a common parasite in developing countries; its eggs can cause brain disease and death. Melbourne researchers have now developed a highly effective vaccine.

Seadán é a lonnaíonn i 50 milliún duine in aghaidh na bliana. Is é is cúis le galar marfach inchinne a mharaíonn caoga míle duine sa Tríú Domhan gach bliain. An phéist ribíneach (*taenia solium*) atá i gceist, agus tá eolaithe ó Ollscoil Mhelbourne tar éis vaicsín a dhéanamh chun muca a iomdhíonú ina héadan agus daoine a chosaint dá bharr.

Is féidir leis an bpéist seo fás go mór fada sa duine agus gan dochar ar bith a dhéanamh; ach nuair a bheirtear na huibheacha seoltar ar aghaidh iad trí chac an duine, agus is iad na huibheacha seo is bun leis an ngalar *neurocystercosis* – galar is cúis leis an titimeas i mórán tíortha. Déantar cisteanna san inchinn agus féadann pairilís agus bás iad a leanúint. In áiteanna salacha a bhfuil daoine agus muca le fáil i gcuideachta a chéile seoltar na huibheacha chun na muc ó chac na ndaoine agus faigheann na daoine ar ais iad nuair a itear muiceoil nár réitíodh i gceart. Rud is measa, is féidir le daoine an seadán a thógáil óna chéile trí theagmháil leis an gcac.

Tá *taenia solium* le fáil i ndeich dtír san Áise, san Afraic agus i Lár-Mheiriceá. (Tá pictiúr d'eolaí á láimhseáil in *Uni News*² ó Ollscoil Mhelbourne agus cuma uirthi gur dual fada pasta í.) Rinne na heolaithe an vaicsín de phróitéiní a tógadh ón bpéist, agus bhí rath 95% ar na trialacha i Meicsiceo, i bPeiriú, i Hondúras agus i gCamarún. Is fusa agus is saoire é a thabhairt do mhuca ná do dhaoine, ach is iad na daoine is mó a bhaineann leas as i ndeireadh na dála.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au.

Colin Ryan

² Imleabhar 15, uimh. 4, 20 Márta-3 Aibreán 2006: <http://uninews.unimelb.edu.au/>

Us and Them: perceptions, depictions and descriptions of the Celts

Conference

University of Melbourne

Thursday 24 August-Saturday 26 August 2006

<http://www.unimelb.edu.au/irish/usandthem/theme.htm>

Dr Pamela O'Neill
History Department
University of Melbourne
+61 3 8344 7894
oneillp@unimelb.edu.au



Tá fáilte roimh pháipéir i gcomhar comhdhála móire na bliana ag Ollscoil Mhelbourne:

◆Sinne agus Iadsan: tuiscint, léargas agus tuairiscí ar na Ceiltigh◆

Téama leathan é, mar a deir lucht riartha na Comhdhála, agus is féidir é a scagadh agus a scrúdú ar mhórán slite. Is fada díospóireacht ghéar ar súil i dtaobh ciall cheart an fhocail 'Ceilteach' agus táthar ag súil go mbainfidh taighdeoirí Astrálacha tairbhe as cuntais chomhaimseartha ar lipéid eitneacha agus ar an úsáid a bhaintear astu sa saol atá anois ann.

Beidh páipéir ag cur síos ar an ábhar mar a bhaineann sé le gach tréimhse agus ar na tuairiscí a tugadh ar na 'Ceiltigh' ón ré chlasaiceach i leith. Pléifear an caidreamh a bhí ag pobail 'Cheilteacha' ar a chéile agus ar strainséirí. Tá roinnt taighdeoirí Astrálacha ag obair ar na meánaoiseanna luatha, agus pléifidh páipéir áirithe an déileáil a bhí ag na pobail úd lena gcomharsanna agus na hathruithe fisiciúla agus intleachtúla a tharla dá bharr. Bheidh fáilte roimh pháipéir a chuireann síos ar bhláthú na hársaíochta, agus beidh trácht ar an mbrí pholaitiúil a baineadh as an gCeilteachas.

Ós rud é gur tháinig an oiread sin daoine ó na pobail sin chun na hAstráile, déanfar trácht ar théamaí na deoraíochta, na cumha, an mhuintearais agus na scarúna.

Beirt de na Príomhchainteoirí

Seandálaí sáraithe is ea **an tOllamh John Collis** (Ollscoil Sheffield) agus eolaí ar an Iarannaois san Eoraip. Tá suim aige i dtús an chathraithe sa ré sin agus i stair an tírdhreacha, agus tá roinnt tuairimí conspóideacha aige.

Tá an **Dr Simon Taylor** chun tosaigh i staidéar na logainmneacha in Albain (Ollscoil Naomh Aindreas). Tá suim ar leith aige i logainmneacha Fhíobha na hAlban.

Cúrsa Sean-Ghaeilge

Díreach roimh an gComhdháil beidh dianchúrsa Sean-Ghaeilge ann. Cúrsa deich lá a bheidh ann: 10-14 Lúnasa 2006 agus 16-20 Lúnasa 2006. Is í an múinteoir an Dr Katherine Swift ó Ollscoil Luimnigh, agus is cosúil go mbeidh éileamh ar an ábhar tar éis an ratha a bhí ar an gcúrsa céanna in Éirinn. Tá breis eolais le fáil ón Dr Pamela O'Neill: oneillp@unimelb.edu.au.